# Gaelscoil Mhic Amhlaigh

Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gallimh

Fón: 091-590152



## NUACHTLITIR NA NOLLAG



A Thuismitheoirí, a chairde,

13ú Nollaig 2023

Ag súil go bhfuil sibh ar fad go maith agus ag súil le sos na Nollag.

***We hope that you are all keeping well and looking forward to a little rest over the Christmas break.***

**Laethanta Saoire/Holidays**

Beidh páistí ag fáil laethanta saoire na Nollag ar an Aoine 22ú Nollag. Rachaidh na ranganna seo leanas abhaile ag na hamanta seo leanas:

Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.15 & 2.15, rachaidh siad abhaile ag 11.50.

Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.20 & 2.20, rachaidh siad abhaile ag 12 meán lae.

Oscólfar an scoil aríst ar an Luan, 8ú Eanair 2024.

***Children will get their Christmas Holidays on Friday, 22nd December. Children who normally go home at 1.15 & 2.15 will go home at 11.50am on Friday 22nd.***

***Children who normally go home at 1.20 & 2.20 will go home at 12.00 midday.***

***School will re-open again on Monday, 8th January 2024.***

**Lá Geansaí Nollag / Christmas Jumper Day**

Táimid chun lá gléasadh don Nollag a bheith againn ar an gCéadaoin, 20ú Nollag. Is féidir le páistí geansaí Nollag nó éadach nollag eile a chaitheamh i n-áit a gculaith scoile. Iarrtar ar thusimitheoirí más féidir leo síntiús a chur isteach i dtreo na carthanachtaí seo leanas: Aonad Péidiatrach I nOspidéal na hOllscoile(Galway Sick Kids), Gaillimh agus Oscar's Kids a thugann tacaíocht do chlainnte le páistí a bhíonn tinneas orthu.

Beidh cead ag na páistí gléasadh i n-éadaí Nollag ón 20-22ú Nollag.

*We will be having our Christmas Dress Up day on Wednesday, 20th December. Children are asked to wear their Christmas Jumper or any other Christmas Clothes instead of their school uniform.*

*Donations towards our charities are most welcome, Galway Sick Kids and Oscar's Kids who support children and their families during challenging illnesses.*

*Children may wear Christmas themed clothing from 20th-22nd December!*



## Cóisir Ranga Dé hAoine / Class Little Party Friday

Is féidir le páistí cupla rud milis a thabhairt isteach sa bhosca lón do chóisir beag ranga ar an Aoine, 22ú Nollag. Déan cinnte nach bhfuil aon chnónna in aon bhia a thugtar isteach.

Ní bheidh cead bia a roinnt lena chéile.

**Beidh cuairteoir speisialta ag tabhairt cuairt ar an scoil ar an 21ú Nollag.** Beidh an cuairteoir speisialta ag tabhairt Leabhar Nollag mar bhronntanas do pháistí na Scoile ar fad. Más mian le tuistí cabhrú leis an gcuairteoir íoc as na leabhra seo, is féidir leo €3 a íoc ar Aladdin. Míle buíochas.

*Children may bring in a few treats in their lunch boxes for a little class party on Friday 22nd December. Please ensure there are no traces of nuts/peanuts in any foods. Children will not be allowed to share foods.*
***A special visitor will be dropping by on Thursday, 21st December****. Our special visitor will be giving each child in the school a Christmas annual as a present. If parents wish to help with the cost of these annuals you may pay €3 on Aladdin. Míle buíochas.*

## Iarchúram Scoile/ Afterschool Care

Ar an Aoine ,22ú Nollag, rachaidh na páistí a bhíonn ag freastal ar an Iarchúram ar an Aoine go hiondúil chuig an Iarchúram scoile ag am níos luaithe, 11.50/12.00. Beidh an Iarchúram ag dúnadh ar an lá seo ag 4 a chlog. Osclófar an iarchúram aríst ar an Luan 8ú Eanair 2024.

*On Friday, December 22nd, children who normally attend the service on Fridays will go to the afterschool service at the earlier time of 11.50/12.00. The afterschool will close at 4pm on Friday, 22nd December and will reopen on Monday 8th January 2024.*

## Cruinnithe Tuistí Múinteoirí Ranganna Naíonáin & Rang 1/Parent Teacher Meetings for Infant and First Classes

Beidh cruinnithe Tuismitheoirí / Múinteoirí ar siúl le linn na seachtainí 12ú & 19ú Feabhra 2024 do ranganna Naíonáin & Rang 1. Seolfar tuille eolais chugaibh tar éis na Nollag.

*Parent Teacher meetings will be held for Junior Infant Classes, Senior Infant Classes & First Classes during the weeks 12th & 19th February 2024. We will send all relevant information after Christmas.*


Gaelscoil Mhic Amhlaigh
Gaelscoil Mhic Amhlaigh
Gaillimh
CRANNCHUR NA NOLLAG
DeLonghi Coffee Machine (Harvey Norman-€845 value)
Nintendo Switch Neon Console+ Nintendo Sports (€350)
JBL Flip 6 Portable Bluetooth Speaker (€110 Value)
JBL Flip 6 Portable Bluetooth Speaker (€110 Value)
€100 One4all Voucher
Lallys Menswear €100 Voucher
Purejoy Beauty €100 Voucher
UBFIT €100 Voucher
UBFIT €100 Voucher
€100 Computer Troubleshooters (1 hr service)
Sheridans Cheesemongers Hamper
Killary Adventure Company (€70 Voucher)
Moycullen Riding Centre (1hr trek for 2)
€50 Gourmet Tart Co. Voucher
Tacaígí le crannchur Nollag GMA
Ceannaigh ticéad ar €5 nó trí cinn ar €10
Déanfar an tarraingt 20/12/2023.
Please support our Christmas raffle
Tickets are €5 each or 3 for €10
Draw will take place on 20/12/2023

# Gaelscoil Mhic Amhlaigh

## Crannchur Na Nollag 2023

Tá Crannchur Nollag iontach eagraithe ag Cumann Tuismitheoirí Gaelscoil Mhic Amhlaigh i mbliana.
Tá duaiseanna chrannchuir den scoth againn a bhronn comhlachtaí áitiúla orainn.

Beidh deis agatsa ceann de na duaiseanna iontacha seo a bhuachan ach líne ar chostas €5 a cheannach nó trí líne ar chostas €10!

Bí cinnte agus d'ainm mar aon le d'uimhir theagmhála a scríobh go soiléir ar an bhfoirm.
Tabhair ar ais í chuig an múinteoir ranga leis an airgead ceart i gclúdach litreach nó i mála ziplock.
Déanfar an tarraingt Dé Céadaoin, 20 Nollaig 2023.

Tá ticéid bhreise ar fáil san oifig sa chás go mbíonn cinn bhreise de dhíth oraibh do bhur muintir nó do bhur gcairde.
Gabhaimid buíochas leat roimh ré as ucht do chuid tacaíochta!!

The Parents Association from Gaelscoil Mhic Amhlaigh have organised an amazing Christmas raffle.
We have some super prizes donated to us by local businesses.

Please support the raffle by purchasing a line for €5 or 3 for €10 to be in with a chance of winning a prize.
Please clearly fill in NAME and CONTACT NUMBER and return form to class teacher with exact amount in an envelope / zip lock bag.

**Draw will take place 20/12/2023**

Should you require extra entries for friends or family they will be available from the school office
Thanking you in advance for your continued support !!

## Ceiliúradh na Nollag i nGaelscoil Mhic Amhlaigh/ Christmas Celebrations in Gaelscoil Mhic Amhlaigh

Cuairteoir Speisialta chun na Scoile ar 21ú Nollag / Special Visitor visiting our fantastic children 21st December

Gléasadh suas i nÉadaí Nollag ón 20-22 Nollag /Christmas Themed Clothes from 20-22 December/

Lá Geansaí Nollag / Christmas Jumper Day 20ú Nollag do charthanacht / for charity

Cóisir Ranga Dé hAoine 22ú Nollag / Class Little Party on Friday 22nd December

### *Taispeántaisí Nollag/School Performances:*

Dráma Naíonáin Bheaga Bláthnaid / Bláthnaid's Junior Infant Christmas Play for Parents@ 15ú Nollag ag 10.30 r.n

Dráma Naíonáin Bheaga Ann-Marie / Ann-Marie's Junior Infant Christmas Play for Parents @14ú Nollag ag 10.30 r.n

Dráma Naíonáin Bheaga Barbara/ Barbara's Junior Infant Christmas Play for Parents@15ú Nollag ag 9 ar maidin

Dráma Naíonáin Bheaga Grace / Grace's Junior Infant Christmas Play for Parents @14ú Nollag ag 9 ar maidin

*Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Aoife / Aoife's Senior Infant Christmas Performance @20ú Nollag ag 11 r.n.*

*Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Órnaith/Órnaith's Senior Infant Christmas Performance @20ú Nollag ag 9 ar maidin*

*Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Caitríona / Caitríona's Senior Infant Christmas Performance @ 19ú Nollag ag 9 ar maidin*

*Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Fiach / Fiach's Senior Infant Christmas Performance @19ú Nollag ag 11 r.n*

***Ceolchoirm na Nollag Rang 1 Martina /Neasa/ Martina & Neasa's First Class Christmas Performance @ 15ú Nollag ag 1.30 i.n***

***Ceolchoirm na Nollag Rang 1 Bríd / Bríd's First Class Christmas Performance @13ú Nollag ag 11***

***Ceolchoirm na Nollag Rang 1 Siobhán / Siobhán's First Class Christmas Performance @ 18ú Nollag ag 9.15 ar maidin.***

***Ceolchoirm na Nollag Rang 1 Fiona / Fiona's First Class Christmas Performance @ 18ú Nollag ag 11***

**Dráma Rang 2 / Second Classes Drama @ 7ú Nollag ag 9 ar maidin**

*Seó Nollag Ranganna 3 / Third Classes Christmas Performance @ 13ú Nollag ag 9.30 ar maidin*

**Aifreann na Nollag / Christmas Mass / Ranganna 4, 5 & 6 páirteach ann: 10ú Nollag ag 5.30 i Séipéal Chnoc na Cathrach. All school families welcome.**

***Crannchur na Nollag GMA: Coiste na dTuistí / GMA Christmas Raffle : Parents' Association 20ú Nollag***

## An Christmas Shoebox Appeal 2023

I mbliana bhailíomar **498** bosca don charthanacht Team Hope. Is mór an méid é sin agus tá muid fíor bhuíoch dóibh siúd a thóg an t-am bosca a líonadh agus é a thabhairt isteach chugainn. Tá na boscaí anois ar an mbealach go dtí an Afraic agus go dtí oirthear na hEorpa agus le cúnamh Dé cuirfidh do bhosca áthas agus gliondar croí ar pháiste éigin an Nollaig seo. Go raibh míle maith agaibh! Buíochas mór freisin do pháistí (elves) Rang 5 Fergal & do mhúinteoir Fergal a rinne obair na gcapall na boscaí ar fad a bhailiú. Nár laga Dia sibh.

*This year we collected **498** shoeboxes for the Team Hope Christmas Shoebox Appeal. That is an unbelievable amount of boxes and we are extremely grateful to those who went to the time and effort to fill a shoebox and to bring it into us. The shoeboxes are currently en route to Africa and to Eastern Europe and please God your shoebox will bring a smile to some child's face this Christmas. Go raibh míle maith agaibh! And a special word of the thanks to the children(elves) of Rang 5 Fergal & múinteoir Fergal who did trojan work collecting all the boxes.*








## Geamaireacht na Nollag / Christmas Panthomine

Comhghairdeachas leis na páistí seo ó Rang 3,4 & 5 atá ag glacadh páirt sa gheamaireacht Nollag, Fionn agus Clochán an Aifir, atá ar siúl ar stáitse na Taibhdheirce le linn na Nollag. Maith sibh Lil nic Gearailt, Eimear ní Fhaoláin, Art ó Bróithe, Éanna ó Curraoin agus Cáit ní Áinle!

*Congratulations to our budding actors & actresses above who are performing in the Taibhdhearc's ' **Fionn agus Clochán an Aifir'** at the moment . Some seats are still available for some of their shows . What a wonderful experience for them all . We are very proud of them.*

## Quiz Eolaíochta-An tAthair Seán Ó Mainín

**Comhgháirdeas leis na páistí seo leanas a ghlac páirt i Quiz Eolaíochta le deirneas. Míle buíochas do mhúinteoir Fergal as ucht a dtacaíocht dhóibh.**

*Congratulations to the following children who participated in the Science Quiz organised in St Mary's recently. Many thanks to Fergal for organising the children to participate in the event.*

| | |
|---|---|
| **Stephanie Ní Mhuireasáin** | **Eamon Mac an Deisigh** |
| **Muirchu Ó hAodha** | **James Ó Gormaile** |
| **Micheal Ó Toibín** | **Harry Mac Bhrain** |
| **Danann Ó Sé** | **Drew Ó Ceallaigh** |







## Liathróid Láimhe Oilimpeach

Comhghairdeas le foirne buachaillí agus cailíní Rang a 6 atá tar éis Craobh an Chondae a shroichint sa liathróid láimhe oilimpeach. Beidh siad ag imirt ar an Mháirt, 12 Nollaig sa chraobh. Bhí slua ollmhór ó Rang a 6 ag traenáil i mbliana agus bhí an-lá acu ag imirt in aghaidh foirne eile sa réamhbhabhtaí. Bhíomar an-bhródúil astu i ngach slí. Míle buíochas le muinteoirí Rachel, Ciarán, Fiach & Fiachra.

Beidh traenáil do bhuachaillí agus cailíní **Rang a 5** ag tosnú ar Dé Céadaoin, 10 Eanáir, ó 2:20 – 3:15 i halla na scoile.

## Olympic Handball

*Congratulations to the boys and girl's teams from Rang a 6 who have reached the County Finals day in Olympic handball. They will take part in the County Finals day on Tuesday, December 12th. There was a huge crowd from Rang a 6 training this year and they had a great day playing against other teams in the preliminary round. We were very proud of them in every way.*

*Training for boys and girls in Rang a 5 will start on Wednesday, January 10th, from*

## Maratón na páistí


Chríochnaigh an trí rang 6 a gcéad Maratón. Éacht ollmhór bainte amach acu agus níl dabht ar bith go bhfeicfidh muid slua dóibh ag rith Maratón BÁC amach anseo. Fair plé dóibh 💪

*The three 6th classes completed their first marathon. Huge achievement for them and no doubt we will see some of them running in the Dublin Marathon in years to come.*

## Turas Rang a Dó go dtí an tUisceadán

**Bhí lá iontach ag páistí rang 2 a chuaigh chuig an tUisceadán i mBóthar na Trá le haghaidh Seachtain Eolaíochta. Fuair siad turas an-shuimiúil agus chonaic siad éisc, portáin, siorc, eascainn agus eile!**

*Rang 2 had a fantastic day out at the Aquarium in Salthill as part of Science Week. They were given a guided tour and saw all sorts of fish, crabs, eels, a shark and lots more!*



**<u>Nuacht ón gCoiste Sábháilteacht ar Líne</u>**

**Comhaontú maidir le Úinéireacht Fóin Chliste agus Rochtain ar Mheáin Shóisialta & Chomhráití Grúpa**

Tá méadú ollmhór tagtha ar an méid daoine a shínigh an comhaontú. Míle buíochas! ***Munar shínigh tú é do gach páiste nó munar shínigh tú é don scoilbhliain seo, brúigh ar an nasc seo len é shíniú anois. https://forms.gle/TZT7sAdBQKeo1o7E8*** Má tá aon fhadhb agat seol ríomhphost chuig: fiachra.odubhghaill@gsmhicamhlaigh.ie

**Seachtain Sábháilteacht ar Líne**

Beidh an lá Idirnáisiúnta le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte ar 6 Feabhra 2024. Tá sé i gceist againn díriú ar shábháilteacht ar Líne don tseachtain 6-9 Feabhra ar scoil agus ba mhaith linn go ndéanfaí an rud céanna sa bhaile. Beidh Cybersafe Kids ag déanamh cur i láthair le roinnt ranganna agus tá súil againn oíche eolais a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le cluichí a imirt go sábháilte ar líne an tseachtain céanna. Beidh tuilleadh eolais tar éis na Nollag.

**Agallamh suimúil**

Roinn tuismitheoir an t-agallamh seo leis an siceolaí Richard Hogan linn faoi na gutháin agus tá cúpla pointe an-mhaith agus cabhrach ann. Seo an nasc:
https://open.spotify.com/episode/1bmLl18WLXlhg3EzofTfP2?si=O9hV6rh1T8mZyc6qeRx67g
Níl sé ach 24 nóiméad ar fhad.

***A Note from the Internet Safety Committee***

***Smartphone Ownership and Access to Social Media & Group Chats - Parent Agreement***

*There has been a huge increase in the number of people who have signed the agreement. Míle buíochas!* ***If you have not signed it for each child or if you have not signed it for this school year, click on this link to sign it now. https://forms.gle/TZT7sAdBQKeo1o7E8.*** *If you have any problems send an email to: fiachra.odubhghaill@gsmhicamhlaigh.ie*

***Safer Internet Week***

*The International day for a Safer Internet will be on the 6th of February 2024. We intend to focus on online safety in school for the week of the 6th – 9th of February and we would like to see the same at home. Cybersafe Kids will be coming in to speak to some classes and we hope to provide an information night for parents about safe gaming during that week. We will provide more information after Christmas.*

***Interesting Interview***

*A parent shared an interview with psychologist Richard Hogan with us about children and phone usage and there are a few very practical and helpful points. Here's the link: https://open.spotify.com/episode/1bmLl18WLXlhg3EzofTfP2?si=O9hV6rh1T8mZyc6qeRx67g It is only 24 minutes long.*

### Seachtain na hEolaíochta

Bhain muid an-taitneamh as cuairt Sue McGrath agus an seó Eolaíocht Draíochta a rinne sí linn sa halla. Bhí iontas agus ríméad orainn ar fad cleasanna draíochta a thuiscint ó thaobh an eolaí.

Bhí deis ag roinnt mhaith páistí cabhrú leí an 'draíocht' a chruthú!






Comhghairdeas le Rang a 5 as an lá oscailte eolaíocht a chuir siad ar siúl sa halla. Bhí an tuafás turgnaimh le feiceáil agus bhí na páistí go hiontach ar fad ag míniú an teolas dúinn. Bhí seans ag na ranganna ar fad teacht go dtí an halla chun páirt a ghlacadh!





Méarloirg á mhíniú ag rang a 5. Dathanna agus solas mínithe ag rang a 5. Mar cuid de sheachtain na heolaíochta bhain rang a dó taitneamh as cuairt ar an tUiscedán agus bhí turas ag rang a trí go dtí Músaem na Gaillimhe!

### Seachtain Eolaíochta 2023 Rang 2



Bhí Rang 2 ag déanamh ceiliúradh ar an tSeachtain Eolaíochta le déanaí. Chuaigh muid ar thuras go dtí an tUisceadán Náisiúnta agus bhí an-lá againn ag foghlaim faoi na hainmhithe mara agus na héisc éagsúla a bhí le feiceáil ansin. Bhí na páistí ag obair mar eolaithe óga sa rang freisin. Rinne siad neart turgnaimh éagsúla le linn na seachtaine. Bhí an-spraoi acu!



*Rang 2 recently celebrated National Science Week. They visited the National Aquarium and learned about the many different types of fish and sea creatures. The children also put their scientific skills to the test as junior scientists during the week in class. They organised and participated in many science experiments. They thoroughly enjoyed themselves!*



## Lá Eolaíochta Rang 5

Chuir Rang 5 Ciarán, Fergal agus Olivia agus Eilís lá iontach Eolaíochta i láthair ar an Aoine, 1ú Nollaig. Bhí lá den scoth ag na páistí agus iad ag cur turgnamh agus neart fíricí eolaíochta i láthair na scoile. Bhí deis ag chuile rang teacht ag an halla agus trial a bhaint as na turgnaimh ar fad a bhí leagtha amach os a gcomhair. Tháinig na tuismitheoirí ag deireadh an lae agus bhí said fhéin in ann an obair chrua ar fad a fheiceáil. Bhí chuile chineáil turgnamh le feiceáil ag na cúig seastáin déag idir fuinneamh, solas, brú agus tarraingt agus ar ndóigh an Rás Balúin ag an deireadh. Bhí go leor obair agus taighde curtha isteach ag na ngasúir agus molann muid go hard iad as a n-iarrachtaí.

*Rang a 5 Ciarán, Fergal, Eilís agus Olivia held a fantastic Lá Eolaíochta on Friday, 1 st December. The children had a fantastic day as they presented scientific facts and experiments to the school. Every class had an opportunity to visit the halla and to partake in the fantastic experiments that were in front of them. Rang 5 parents were invited to attend also and they too enjoyed a great day and saw first-hand all of the incredible work that the pupils had put in. There was a vast array of experiments on the fifteen stands between Energy, light, push and pull experiments and of course the Rás Balúin at the end. There was an enormous amount of work and effort put in to the Lá Eolaíochta, maith sibh a pháistí!*









RANGANNA
PIANO
GAELSCOIL MHIC AMHLAIGH
GACH MÁIRT & DÉARDAOIN
30 NÓIM RANGANNA AONAIR
Ukulele
Dé Máirt
CLÁRAIGH ANOIS
@
WWW.GALWAYMUSICACADEMY.COM
Bunaithe 2012
BROSTAÍGÍ! LÍON TEORANTA SPÁSANNA


PIANO
LESSONS
GAELSCOIL MHIC AMHLAIGH
EVERY TUESDAY + THURSDAY
30 MINS PRIVATE LESSONS
Ukulele
also available Tuesdays
HOW DO I BOOK?
REGISTER NOW
@
WWW.GALWAYMUSICACADEMY.COM
Est.2012
LIMITED SPACES AVAILABLE - BOOK EARLY TO AVOID DISAPPOINTMENT!


Tá Galway Music Academy ag cur ranganna spraíúla ar fáil do cheoltóirí óga ó 2012. Bíonn na ranganna ceoil i scoileanna in Órán Mór, Baile Chláir na Gaillimhe, an Rinn Mhór agus anois in iarthar na Gaillimhe i gCnoc na Cathrach.
Táimid tiomanta ár ngrá don cheird a sheachadadh don chéad ghlúin eile le poirt traidisiúnta, ceol clasaiceach agus na hamhráin rac-cheoil is ansa leo.
Féach: 5 Star Google Reviews!
5.0
RATING
Clúdaítear an teoiric agus an cleachtas, déantar freastal ar na scrúduithe agus gach grád RIAM, ach níos mó ná sin cruthaítear pobal beo bisiúil. Bígí linn do cheolchoirmeacha na ndaltaí!


Galway Music Academy has been providing fun and professional music lessons in Renmore, Oranmore, and Claregalway since 2012.
Now serving Knocknacarra and Galway West, we specialise in Traditional Irish, Classical, and Rock/Pop.
Check out our 5 Star Google Reviews!
5.0
RATING
RIAM Grades and Exams
Regular Student Concerts and Awards
Experienced, Qualified Teachers
Summer Camps

# Ceoldráma 'Grease' sa Dubhlann

**Bhí lá iontach ag páistí rang 6 a chuaigh chuig an Dubhlann chun ceoldráma 'Grease', a léirigh daltaí na hidirbhliana ó Choláiste na Coiribe, a fheiceáil. Is léir gur chuir daltaí na hidirbhliana agus na múinteoirí an-chuid obair isteach sa seó! Comhghairdeas lenar n-iarscoláirí a bhí thar cionn ar fad! Thug sibh ionsparáid dúinne agus cinnte beidh daltaí rang 6 le feiceáil ar an stáitse amach anseo!**

*Rang 6 had a fantastic day out at Coláiste na Coiribe's musical in the Blackbox. Transition year students and their teachers put a huge amount of work into the production of 'Grease'. Congratulations to our past pupils who were brilliant! You've given rang 6 inspirations and no doubt we'll see some of the children in 6th class on the stage in the future!*








## *Lá Pitseámaí agus Slipéir - Rang Naíonáin Mhóra - Múinteoir Fiach*

Bhí Lá Pitseámaí agus Slipéirí ag Naíonáin Mhóra. Bhí muid ag réiteach don oíche mhór ar RTE "An Toy Show". Bhí sceitimíní ar na páistí ar fad agus bhí lá iontach acu. Bhí comórtas beag againn freisin, cén geansaí Nollag a chaithfeadh Patrick Kielty? Bhí ar gach páiste a gheansaí féin a tharraingt. Bhí lá iontach againn ag spraoi,ag foghlaim agus ag labhairt Ghaeilge.








## Scoileanna Ildánacha/ Creative Schools:

**Tá bua na healaíne ionainn ar fad, pé riocht atá air! Uaireanta breathnaítear air mar rud deas agus uaireanta eile is cúis inspioráide dúinn é. Is cúis lúcháireach dúinn go bhfuil scoil s'againne roghnaithe i mbliana chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh 'Scoileanna Ildánacha' maoinithe ag an gComhairle Ealaíon i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais & Scileanna agus leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta. Bheadh sé mar sprioc againn cumas na cruthaitheachta i gcuile pháiste a chumasú. Tá Ceara Conway ceaptha mar Chomhpháirtí Cruthaitheach na scoile. Táimid ag tnúth go mór leis an léiriú is leithne ar lorg na n-ealaíon a dhéanamh faoina stiúir sna míonna agus sna blianta romhainn. Chun tús a chur leis an bpróiseas beimid ag iarraidh tuiscint a fháil ar staid, suimeanna agus mianta na scoile ó thaobh na n-ealaíon de agus beidh tuairimí na ngasúr, an fhoireann agus tuismitheoirí a mbailiú chuige sin. Tuilleadh eolais ar lean san athbhliain!**

***Everyone can excel in art in at least one of its many forms. While some see it as something nice to have, others are inspired by it. We are delighted that our school has been selected this year to take part in the 'Creative Schools' initiative, funded by the Arts Council in partnership with the Department of Education & Skills and the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht. Ceara Conway has been appointed as the school's Creative Associate. We are looking forward to exploring a full range of artistic expression under her guidance in the coming months and years. To start this process, we want to develop an understanding of the current interests and preferences from the artistic perspective in the school. We will be consulting with the children, staff and parents for that purpose. Further information to follow in the New Year!***

## An Coiste Glas

Bhí an coiste glas gnóthach ag cur bleibíní an téarma seo. Beidh lus an chrom cinn, cróch agus plúiríní sneachta ag fás sna balcóin san Earrach agus beidh bleibíní hiasint ag fás i ngach seomra ranga.

Freisin tá feachtas ar siúl ag an gcoiste chun cadhnraí caite a bhailiú. Tá bosca i gcomhair na cadhnraí curtha isteach i ngach seomra ranga. Tugann Weee Ireland airgead don Laura Lynn Foundation gach uair a dhéanann muid athchúrsáil ar cadhnraí. I 2021 thug siad €40,000 don foundation!

Tá fógraí álainn tar éis teacht chuig na scoile le pictiúirí de na hainmhithe a bhfuil cónaí orthu sa chlós. Coinnigh súil amach ar an gcosán buí beidh siad crochta againn go luath!






**Deireann páistí Ghaelscoil Mhic Amhlaigh 'Tá' le teangacha!**

Ghlac páistí Rang a Cúig agus Rang a Sé páirt sa chlár 'Say Yes to Languages' arís an téarma seo. Is deis iontach é an clár seo chun feasacht na ngasúr a dhíriú níos mó ar an raon teangacha a úsáideann gasúir sa scoil agus sa phobal. Déanadh staidéar ar an bhFraincís an téarma seo agus múineadh í thar thréimhse ocht seachtaine le linn ghnáth-amchlár na scoile. Bhí Lise Carroll fíor- shásta an clár a mhúineadh ina teanga dúchais. Roghnaíodh an Fhraincís mar rogha theanga don tionscnamh mar go múintear í i bhformhór na meánscoileanna agus taipeadh an deis na gasúir a ullmhú don aistriú chuig an dara leibhéal. Táimid fíor- buíoch de Lise as an obair iontach gur chuir sí isteach ann- is léir gur bhain na gasúir agus na múinteoirí ar fad an- sult agus tairbhe as na ranganna. Merci beaucoup Lise!

***Gaelscoil Mhic Amhlaigh children say 'yes' to languages!***

*Fifth and Sixth Class children have participated in the 'Say Yes to Language Programme' again this term. This programme is a means for raising awareness among children of the range of languages used by their peers in their schools and community. The module introduced the pupils to French and was taught over an eight week period during the normal school timetable. Lise Carroll was delighted to be involved in sharing her native language and experience with the children. French was chosen as the language of choice for this initiative as it is taught in most secondary schools and it was seen as an opportunity to prepare the children for a smoother transition to second level. The children together with their teachers thoroughly enjoyed Lise's classes and very much appreciate her dedication and hard work in ensuring that the programme was fun and enjoyable. Merci beaucoup Lise!*

Fógra ón Naíonra

Beidh Ceolchoirm na Nollag don

Seisiún 1: Dé Ceadaoin 13ú Nollag ag 10.45 r.n.

Seisiún 2: Déardaoin 14ú Nollag ag 11.00 r.n.

Seisiún 3: Dé hAoine 15ú Nollag ag 11.30 r.n.

Cuairteoir speisialta chuig an Naíonra ar 20ú Nollag ag 10.00 r.n.

Dúnta don Nollag ar 4.00 i.n. ar an 22ú Nollag



Ag guí Nollaig mhór mhaith ar chuile dhuine agaibh agus athbhliain lán le dóchas do bhliain nua mhaith.

*Wishing you all a very happy and peaceful Christmas and a new year filled with hope for a bright year ahead.*

Beannachtaí na Féile oraibh ar fad,
Dairíona & Foireann uile na scoile.